

**ATHBHREITHNIÚ
AR
ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**

**Tuairisc ag an gCoimisinéir Teanga
faoi alt 29 den Acht sin**

Tráchttaireacht ar fheidhm phraiticiúil agus ar oibriú fhorálacha
an Achta sin

Iúil 2011

Clár

Réamhrá	3
Cúlra reachtúil.....	5
Athbhreithniú.....	6
Croí-aidhm	8
Cúlra bunreachtúil agus cúirte	9
Rangú ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht	11
Seirbhís stáit trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.....	12
Foilseacháin.....	13
Ainm, sloinneadh agus seoladh	13
Feidhmiú chóras na scéimeanna teanga nó malairt córais?.....	14
Polasaí earcaíochta don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí.....	15
Mionleasuithe teicniúla eile	15

Réamhrá

Déantar scagadh sa tuairisc seo ar an gcúlra a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003, idir chúlra bunreachtúil agus chúlra cúirte, agus ceanglaítear é sin le cearta teanga an phobail. Is teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í an Ghaeilge anois. Múintear í mar ábhar riachtanach d'fhorhóir mór dhaltáí scoile na tíre. Áitítear sa tuairisc seo gur cheart soláthar a dhéanamh ar bhealach eagraithe, comhtháite d'úsáid na Gaeilge i saol poiblí na tíre ag na daoine ar mian leo sin a dhéanamh, tar éis dóibh an teanga a shealbhú, pé acu ó dhúchas nó ón gcóras oideachais.

Aithnítear na codanna sin den Acht atá ag feidhmiú go héifeachtach, ar a n-áirítear na forálacha díreacha a bhaineann le cumarsáid i nGaeilge agus na rialacháin a bhaineann le húsáid na dteangacha oifigiúla i stáiseanóireacht agus i gcomharthaíocht na n-eagrais stáit. Cinntíonn an tAcht freisin go gcuirtear ar fáil bunchearta tábhachtacha teanga maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla sna cúirteanna agus i dTithe an Oireachtais. Tugann sé bunús reachtúil do logainmneacha oifigiúla an Stáit agus cuireann sé i bhfeidhm córas le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht na n-eagrais stáit don reachtaíocht agus córas le gearáin faoi sháruithe ar dhualgais reachtúla teanga a fhiosrú agus a réiteach.

Moltar sa tuairisc seo gur cheart athbhreithniú a dhéanamh anois ar fhorálacha eile de chuid na reachtaíochta le leasuithe chun feabhais a chinntiú.

Dá thoradh sin, ba cheart go mbeadh Acht ann a bheadh oiriúnach dá fheidhm agus a d'fhreastalódh go cuí ar mhianta an phobail teanga agus a chinnteodh go raibh brí á tabhairt don fhoráil bhunreachtúil gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil ós í an teanga náisiúnta í.

- Moltar rangú a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí ina gcatagóirí éagsúla (A, B, C, etc.) de réir an réimse feidhme agus an chaidrimh atá acu leis an bpobal i gcoitinne – pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh – agus go mbeadh an leibhéal seirbhíse a bheadh le soláthar acu trí Ghaeilge i gcomhréir leis an rangú sin de thuras na huaire.
- Moltar go mbeadh dualgais reachtúla á gcur ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile.
- Maidir le foilseacháin oifigiúla a sholáthar trí Ghaeilge, moltar go dtabharfaí tosaíocht do na foilseacháin sin is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh.
- Moltar go bhforálfaí go reachtúil go mbeadh ceart ag daoine a n-ainm, sloinneadh agus seoladh a úsáid ina rogha teanga oifigiúil agus iad i mbun gnóthaí le comhlachtaí poiblí.
- Moltar díriú athuair ar chóras na scéimeanna teanga faoin Acht a chur á fheidhmiú mar is ceart ar bhonn straitéiseach agus comhsheasmhach nó, mar mhalairt air sin, go bhforbrófaí córas nua caighdeán a bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla mar atá beartaithe don Bhreatnais sa Bhreatain Bheag.

- Moltar freisin dul i ngleic leis an bhfadhb is bunúsaí dá bhfuil ann maidir le soláthar seirbhísí stáit trí Ghaeilge, i.e. easpa foirne sa chóras poiblí le cumas in dhá theanga oifigiúla an Stáit, trí chórais nua earcaíochta agus oiliúna. Moltar seo ar an dtuiscint go mbeidh maolú ar an embargo earcaíochta in am trátha.

Cúlra reachtúil

Faoi alt 29 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, féadfaidh an Coimisinéir Teanga tráchtairachtaí a fhoilsiú ar oibriú an Achta lena n-áirítear tráchtairachtaí ar thaithí shealbhóirí na hOifige:

“Féadfaidh an Coimisinéir tráchtairachtaí ar fheidhm phraiticiúil agus ar oibriú fhorálacha an Achta seo, nó aon fhorálacha áirithe den Acht seo, a ullmhú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear tráchtairachtaí a bheidh bunaithe ar thaithí shealbhóirí oifig an Choimisinéara i ndáil le himscrúduithe, agus le fionnachtana tar éis imscrúduithe, de chuid sealbhóirí den sórt sin faoin Acht seo.”

Baineann an tráchtairacht seo le feidhm phraiticiúil agus oibriú fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla tar éis tréimhse beagnach 8 mbliana ó d’achtaigh an tOireachtas an reachtaíocht mar:

“Acht chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát; chun socrú a dhéanamh maidir le dhá theanga oifigiúla an Stáit a úsáid in imeachtaí parlaiminte, in Achtanna an Oireachtais, i riaradh an cheartais, le linn cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal nó seirbhísí a sholáthar don phobal agus le linn obair comhlachtaí poiblí a dhéanamh; chun dualgais comhlachtaí den sórt sin i leith theangacha oifigiúla an Stáit a leagan amach; agus chun na geríoch sin, chun socrú a dhéanamh maidir le bunú Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus chun a feidhmeanna a mhíniú; chun socrú a dhéanamh maidir leis an gCoimisinéir d’fhoilsiú faisnéis áirithe a bhaineann le críocha an Achta seo; agus chun socrú a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara.”

Go ginearálta, níl amhras ar bith ann ach go bhfuil méadú tagtha ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí stáit a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge de thoradh na reachtaíochta seo. Lena chois sin, tá cásanna feicthe againn ina n-éiríonn le comhlachtaí poiblí barr feabhais a bhaint amach agus seirbhísí ar leith á soláthar acu trí Ghaeilge.

Tá sé i gceist leis an Acht seo go dtabharfaí an Ghaeilge ón imeall go dtí áit níos lárnáí i gcóras poiblí an Stáit. Normalú atá i gceist leis seo le beart de réir briathair a dhéanamh i gcás ár dteanga náisiúnta. Tá stádas na teanga daingnithe i mBunreacht na tíre agus is teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í. Gnáthrud é go mbeadh córais stáit ag feidhmiú go dátheangach nó, fiú, go hilteangach.

Is cuid ríthábhachtach, dár bhféiniúlacht agus dár na n-oidhreacht í an teanga agus is dócha gur tábhachtaí anois í ná aon tráth roimhe seo lenár bhflaitheas agus lenár gceart stairiúil féinchinntiúcháin a dhearbhu agus a dheimhniú.

Athbhreithniú

Reachtaíocht chasta atá in Acht na dTeangacha Oifigiúla ina bhfuil forálacha díreacha, rialacháin agus córas “scéimeanna teanga”. Fágann an chastacht sin gur deacair na cearta agus na dualgais teanga atá daingnithe sa reachtaíocht seo a thuiscint. Ón taithí atá againn anois ar fheidhmiú na reachtaíochta, tá tuiscint níos fearr againn ar na forálacha a bhfuil ag éirí go maith leo agus orthu siúd freisin lena mbaineann deacrachtaí.

Creidim gur mithid anois athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Achta.

Tá athbhreithniú á dhéanamh go córasach anois ar fheidhmiú an chórais stáit i gcoitinne d’fhonn é a leasú le cinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm agus ag soláthar luach ar airgead don phobal. Tá sé sin á dhéanamh ag tráth a bhfuil géarchéim eacnamaíoch agus airgeadais sa tír ach cuirimid ár ndóchas sna céimeanna atá á dtógáil go dtiocfaidh an tír slán ón mbagairt sin agus gur athbhláthú atá in ann di.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe sin atá á dhéanamh ar an earnáil phoiblí agus i bhfianaise na taithí atá ann anois ar fheidhmiú na reachtaíochta, is ceart forálacha agus torthaí na reachtaíochta seo a mheá agus a mheas.

Tríd is tríd, is féidir a rá go bhfuil dea-thoradh ar an reachtaíocht agus nach bhfuil amhras ar bith ann ach gur mheasa ar fad a bheadh an scéal dá huireasa. Tá codanna den Acht ag feidhmiú go héifeachtach, ar a n-áirítear na forálacha díreacha a bhaineann le cumarsáid i nGaeilge agus na rialacháin a bhaineann le húsáid na dteangacha oifigiúla i stáiseanóireacht agus i gcomharthaíocht na n-eagras stáit. Daingníonn sí i ndlí na tíre bunchearta tábhachtacha teanga maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla sna cúirteanna agus i dTithe an Oireachtais. Tugann sí bunús reachtúil do logainmneacha oifigiúla an Stáit. Cuireann sí i bhfeidhm córas chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht na n-eagras stáit don reachtaíocht agus córas le gearáin faoi shárúithe ar dhualgais reachtúla teanga a fhiosrú agus a réiteach.

Ní gá na codanna sin den Acht a leasú.

Ní chiallaíonn sin, áfach, go bhfuil an tAcht féin agus feidhmiú an Achta gan locht nó nach bhféadfaí leasuithe chun feabhais a dhéanamh.

Cibé leasuithe a bheartófar, measaimid gur ceart go mbunófaí iad ar na prionsabail seo a leanas:

- Gur cheart tosaíocht a thabhairt do na seirbhísí sin trí Ghaeilge is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu, ag cur san áireamh na seirbhísí sin a mbeadh éileamh orthu dá mbeidís ar fáil ar an gcéad dul síos.
- Nach mairfidh an Ghaeilge mar theanga bheo phobail sa Ghaeltacht má leanann an Stát de bhrú a chur ar phobal na Gaeltachta Béarla a úsáid ina gcuid gnóthaí oifigiúla.
- Gur brú breise i dtreo “Béarla éigeantach” i ngnóthaí an Stáit é gach uair a dhiúltaítear seirbhís áirithe a sholáthar trí Ghaeilge in aon áit sa tír.

- Go mbaintear an bonn de pholasáí chur chun cinn na Gaeilge ar fud na tíre, an Gaeltacht san áireamh, agus de theagasc na Gaeilge mar chroí-ábhar sa chóras oideachais mura gceadaítear don duine a shealbhaigh an teanga dá thoradh sin an teanga sin a úsáid go furasta leis an Stát féin.

Ba cheart, de thoradh an athbhreithnithe:

- a chinntiú go bhfuil an tAcht ag freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta;
- simpliú agus soiléiriú a dhéanamh ar chearta agus ar dhualgais teanga agus, dá réir sin, an úsáid a bhaintear as seirbhís stáit trí Ghaeilge a mhéadú;
- an t-ualach riaracháin agus maorlathais a bhaineann le feidhmiú an Achta a laghdú trí chuíchóiriú agus sruthlíniú;
- malairt córas, mar atá luaite sa cháipéis seo, a chur in áit na gceann atá ann cheana féin má shíltear nach féidir barr-éifeacht a chur leo;
- go gcinnteofaí, agus luach ar airgead á lorg mar is ceart i soláthar seirbhísí stáit go ginearálta, nach bhfágfaí ar lár seirbhísí trí Ghaeilge ach nach orthu amháin a dhíreofaí.

I mbeagán focal, ba chóir, de thoradh an athbhreithnithe, go mbeadh Acht ann a bheadh oiriúnach dá fheidhm agus a d'fhreastalódh go cuí ar mhianta an phobail teanga le cinntiú go raibh brí á tabhairt don fhoráil bhunreachtúil gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil ós í an teanga náisiúnta í.

Níor cheart go dtiocfadh aon chaiteachas breise de bharr an athbhreithnithe seo agus, mura féidir leis airgead a shábháil, ba chóir go mbeadh sé neodrach ar a laghad ó thaobh aon chostais bhreise de.

Croí-aidhm

Is é an croímhóladh atá á dhéanamh sa cháipéis seo gur cheart rangú a dhéanamh ar eagraíochtaí stáit na tíre i gcatagóirí éagsúla de réir an réimse feidhme agus an chaidrimh atá acu leis an bpobal i gcoitinne, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh. Bheadh an leibhéal seirbhíse a bheadh le soláthar trí Ghaeilge ag brath ar an rangú ina raibh an eagraíocht stáit.

Bheadh bunseirbhísí áirithe trí Ghaeilge le soláthar ag gach eagraíocht stáit ach bheadh formhór an tsoláthair ag brath ar rangú na heagraíochta sin de thuras na huaire. Bheadh an córas seo ag tógáil ar an tseirbhís trí Ghaeilge atá á soláthar anois ag comhlachtaí poiblí na tíre. Dhéanfaí foráil ar leith i gcás soláthar seirbhísí stáit trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus rachfaí i ngleic le ceann de na deacrachtaí is bunúsaí maidir le soláthar seirbhísí stáit trí Ghaeilge go ginearálta, mar atá, earcaíocht foirne le cumas in dhá theanga oifigiúil an Stáit chomh maith le soláthar oiliúna agus traenála sa Ghaeilge d'fhostaithe stáit.

Moltar freisin go mbeadh na cearta teanga a dhaingníonn an reachtaíocht níos trédhearcaí don phobal. Chuirfí atheagar ar fheidhmiú chóras na scéimeanna teanga atá i gcroílár na reachtaíochta nó, má cheaptar go mbeadh sé níos éifeachtaí, d'fhéadfaí malairt córais – bunaithe ar “chaighdeán” – a thabhairt i bhfeidhm. Tá a mhacasamhail de chóras caighdeán á bheartú don Bhreatnais faoi láthair sa Bhreatain Bheag.

Cúlra bunreachtúil agus cúirte

Eascaíonn an tAcht ón chúlra bunreachtúil, ó chinntí sna huaschúirteanna agus ó éilimh ó phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta go mbeadh a gcearta teanga daingnithe go soiléir sa dlí.

Mar seo a leanas a fhoráiltear in Airteagal 8 den Bhunreacht:

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an príomhtheanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.

Rinne an Chúirt Uachtarach forléiriú ar na forálacha sin i gcás Ó Beoláin v Fahy. *Tag: 100/98 JR, An Chúirt Uachtarach [Athbhreithniú Breithiúnach]*

Dúirt Hardiman J an méid seo a leanas sa chás sin sa Chúirt Uachtarach:

“Is é mo thuairimse nach féidir an Ghaeilge arb í an teanga náisiúnta í agus, san am céanna arb í príomhtheanga oifigiúil an Stáit í, a eisiamh (ar a laghad in éagmuis dlí den chineál a shamhlaítear le hAirteagal 8.3) ó aon chuid de dhioscúrsa poiblí an náisiúin nó ó aon ghnó oifigiúil de chuid an Stáit ná de chuid aon cheann dá bhail. Ná ní féidir caitheamh léi sna comhthéacsanna seo ar shlí ar bith nach bhfuil chomh fabhrach leis an tslí a gcaitear leis an dara teanga oifigiúil. Ná ní féidir iad siúd atá inniúil, agus ar mian leo í a úsáid chun iad féin a chur in iúl nó chun cumarsáide, a chosc nó a fhágáil faoi mhíbhuntáiste agus iad á dhéanamh sin in aon chomhthéacs náisiúnta nó oifigiúil.”

Déantar scagadh ar na ciallachais atá ag an Airteagal sin den Bhunreacht agus ag forléiriú na gcúirteanna sna Treoirlínte faoi alt 12 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d’fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i Meán Fómhair 2004:

“Is féidir an sliocht thuas a aistriú ina cheart bunreachtúil gach gnó leis an Stát agus lena bhail a dhéanamh trí Ghaeilge, de rogha an tsaoránaigh. Mar thoradh ar sin, tá an saoránach go bunreachtúil i dteideal gach gnó agus gach mír dá ghnó nó dá gnó leis an Stát a dhéanamh trí Ghaeilge agus trí Ghaeilge amháin. D’ainneoin an staid bhunreachtúil sin áfach téann sé an-chrua ar shaoránaigh an chuid is mó de sheirbhísí poiblí a fháil trí Ghaeilge agus i gcás go leor seirbhísí poiblí níl aon soláthar éifeachtach déanta fós chun na seirbhísí sin a sheachadadh trí Ghaeilge chomh maith lena seachadadh trí Bhéarla.

Rialaigh na Cúirteanna go gcruthaíonn Airteagal 8, ar leithligh ó aon éifeacht eile a thioctadh as, ordaitheach bunreachtúil. Is léir gurb é an cur chuige atá ag an gCúirt ná go bhfuil cearta agus dualgais ann. Baineann an ceart leis an saoránach. Is ceart é an teanga náisiúnta a úsáid ar ócáidí de rogha an tsaoránaigh féin. Forchuirtear an dualgas ar chomhlachtaí poiblí. Is é an dualgas é géilleadh don cheart sin i ngach gnó leis an saoránach agus an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chothabháil mar an teanga náisiúnta.

Is intuigthe ón mBunreacht (in Airteagal 8.3 thuasluaite) gur féidir leis an Stát, trí reachtaíocht, a rá go sonrach go ndéanfar feidhmeanna oifigiúla áirithe trí Ghaeilge amháin nó trí Bhéarla amháin. Tháinig an cheist chun cinn agus an tAcht á dhréachtadh cibé an raibh sé sin incheadaithe sa chás go samhlófaí úsáid an Bhéarla agus an Bhéarla

amháin. Dhéanfadh forléiriú ar Airteagal 8.3 a cheadódh úsáid eisiach bhuan an Bhéarla chun críocha oifigiúla sonracha séanadh ar an ordaitheach bunreachtúil arna chruthú ag Airteagal 8.1 agus ar an mbonn sin is í an chomhairle a cuireadh ar an Rialtas gur úsáid eisiach shealadach amháin ó thaobh úsáid an Bhéarla agus sin amháin a chomhlíonadh ceanglais an Bhunreacht. Seo a leanas an chúis leis sin:

Tá dualgas ar an Stát an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chothabháil. Bheadh sé ag sárú an dualgais sin dá bhfógródh sé go buan go ndéanfaí feidhmeanna áirithe de chuid an Stáit a dhéanamh i mBéarla agus i mBéarla amháin, gan aird ar mhianta saoránach a bheadh inniúil an Ghaeilge a úsáid ina ngnóthaí leis an Stát agus a chuid ball agus ar mhian leo an Ghaeilge a úsáid sna réimsí feidhmeanna sin.

Tá an tAcht dréachtaithe mar sin agus é ar intinn go ndéanfar an raon ina bhfuil seirbhísí ar fáil faoi láthair i mBéarla agus i mBéarla amháin a laghdú níos mó agus níos mó de réir a chéile le freastal a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge i gach réimse feidhmeanna....”

Caithfear aon leasuithe a bheadh le moladh ar fheidhm phraiticiúil agus oibriú fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla a fheiceáil sa chomhthéacs bunreachtúil agus cúirte sin.

Rangú ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht

Tá difríochtaí an-suntasach idir comhlachtaí poiblí éagsúla na tíre agus an leibhéal caidrimh a bhíonn acu leis an bpobal i gcoitinne, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh. Bíonn baint dhíreach agus rialta ag cuid acu le cuid mhór den phobal; tá tuilleadh acu nach mbíonn.

Is ceart féachaint ar na comhlachtaí poiblí sin ar fad a rangú ina gcatagóirí éagsúla (A, B, C, etc.) de réir an réimse feidhme agus an chaidrimh atá acu leis an bpobal i gcoitinne, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh, agus go mbeadh an leibhéal seirbhíse a bheadh le soláthar acu trí Ghaeilge i gcomhréir leis an rangú sin de thuras na huairé. Bheifí ag súil leis gur sa chatagóir is airde ó thaobh seirbhíse trí Ghaeilge a bheadh na ranna agus na hoifigí rialtais sin a bhfuil plé mór acu leis an bpobal i gcoitinne, eagraíochtaí a bhfuil sainchúram náisiúnta orthu nó a bhfuil baint mhór acu le haicmí móra den daonra (mar shampla Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, etc.) chomh maith le comhlachtaí poiblí a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir feidhme (mar shampla údaráis áitiúla nó eile i gcontaetha ina bhfuil ceantair Ghaeltachta). D'fhéadfaí an chatagóir ina mbeadh comhlachtaí poiblí a athrú in imeacht ama de réir mar a thiocfadh méadú ar an gcaighdeán seirbhíse trí Ghaeilge lena mbeifí ag súil uathu.

Sa bhreis air sin, ceadaíonn an tAcht faoi láthair córas le leasú a dhéanamh trí hionstraim reachtúil ar sceideal na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht. Níor leasaíodh an sceideal ach uair amháin ón mbliain 2003, sin sa bhliain 2006. Tá iliomad athruithe tagtha ar chomhlachtaí poiblí an Stáit ó shin.

D'fhéadfaí leasú simplí a dhéanamh anseo a thabharfadh sainmhíniú ginearálta ar chomhlachtaí poiblí chun críche na reachtaíochta, mar atá déanta i reachtaíocht eile. Féach, mar shampla amháin, fo-alt 2(1) den Acht um Míchumas, 2005. Bheadh sé de bhuntáiste aige seo go mbeadh gach comhlacht poiblí faoi scáth na reachtaíochta fad is a bhaineann sé le bunfhorálacha díreacha agus ní bheadh aon ghá a thuilleadh le dua riaracháin agus eile a chaitheamh ag leasú an sceidil go leanúnach.

Níor mhiste freisin soiléiriú a dhéanamh ar dhualgais reachtúla teanga sa chás is go gceapann nó go n-údaráíonn comhlacht poiblí cuideachta phríobháideach nó gníomhaireacht de chineál ar bith eile le feidhmiú thar a cheann agus é ag déileáil leis an bpobal.

Seirbhís stáit trí Ghaeilge sa Ghaeltacht

Ba cheart san athbheithniú seo dualgais reachtúla a chur ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile.

Tá todhchaí na Gaeilge mar theanga bheo phobail i mbaol i gcuid mhór ceantar sa Ghaeltacht agus tá seo dearbhaithe go húdarásach ag tuarascálacha éagsúla. Tá beartais i gceist sa Straitéis 20 Bliain don teanga le dul i ngleic leis seo trí chórais phleanála teanga.

Ní féidir leis an Stat a bheith ag súil leis go mairfidh an Ghaeilge mar a rogha teanga ag an bpobal sa Ghaeltacht má leantar ag brú Béarla ar phobal na gceantar sin lena gcuid gnóthaí oifigiúla a dhéanamh.

Gach uair a dhiúltaítear an deis don phobal a dteanga dhúchais a roghnú agus iad i mbun cumarsáide leis an státchóras, is buille breise é sin do sheasamh agus d'inchreidteacht na Gaeilge mar theanga phobail.

Atheagar agus pleanáil a theastódh anseo seachas aon ghníomh costasach eile, le cinntiú gur daoine a bheadh iomlán inniúil sa Ghaeilge a bheadh ag obair ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht nó in oifigí comhlachtaí poiblí a bheadh ag déileáil le pobal na Gaeltachta.

Ní tharlóidh sin gan céimeanna pleanáilte, diongbháilte.

D'fhéadfaí an leasú seo a dhéanamh trí rialacháin reachtúla a thabharfaí i bhfeidhm in imeacht tréimhse ama.

Foilseacháin

Soláthraíonn comhlachtaí poiblí réimse foilseachán don phobal go rialta. Má aithnítear ceart an phobail a gcuid gnóthaí a dhéanamh leis an státchóras trí Ghaeilge, tá sé riachtanach go ndéanfadh comhlachtaí poiblí soláthar don cheart sin.

Ar ndóigh, táid ann a chreideann gur cheart d'aon stát a mhaíonn go bhfuil dhá theanga oifigiúla aige deimhin a dhéanamh de go mbeadh gach foilseachán oifigiúil á sholáthar sna teangacha sin. Ar an mbunús sin, d'fhéadfaí a áitiú má bhí doiciméad sách tábhachtach lena sholáthar i mBéarla gur cheart, mar chomhartha stádais, é a sholáthar i nGaeilge freisin.

In aon athbhreithniú a dhéanfaí ar na forálacha seo den reachtaíocht ba cheart a chinntiú go dtabharfaí tosaíocht do na foilseacháin sin is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh. Ba cheart go bhforálfaí gur go dátheangach faoi aon chlúdach amháin (seachas in dhá leagan ar leith i nGaeilge agus i mBéarla) a bheadh an oiread foilseachán agus is féidir den chineál seo mar dhea-chleachtas.

Chaithfí cinntí agus roghanna a dhéanamh nuair a bheadh an t-ord tosaíochta sin á shocrú le teacht ar na foilseacháin sin is mó a mbeidh éileamh ag an bpobal orthu as an réimse iomlán foilseachán ag comhlachtaí poiblí (i.e. suíomhanna gréasáin, bileoga eolais, foirmeacha, bróisiúir, seirbhísí idirghníomhacha ar líne, cártaí, ceadúnais, tuarascálacha, treoirlínte, leabhráin, etc).

D'fhéadfaí an leasú seo a dhéanamh agus rialacháin reachtúla a chur in áit na bhforálacha reatha. D'fhéadfadh caighdeáin dhifriúla a bheith leagtha síos do chomhlachtaí poiblí éagsúla a bheadh rangaithe chuige sin de réir critéar ar leith.

Ainm, sloinneadh agus seoladh

Is minic a bhíonn deacrachtaí ag daoine sa phobal le leaganacha Gaeilge dá n-ainm, sloinneadh nó dá seoladh a úsáid agus iad i mbun gnóthaí le comhlachtaí poiblí na tíre.

Ba cheart foráil shimplí reachtúil a dhéanamh a chinnteodh nach mbeadh aon amhras faoi chearta an phobail ceachtar den dá theanga oifigiúla a roghnú chun na críche seo agus go mbeadh dualgas dá réir ar chomhlachtaí poiblí géilleadh don cheart sin.

Feidhmiú chóras na scéimeanna teanga nó malairt córais?

Tá córas “scéimeanna teanga” i gcroílár Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cé go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta i soláthar seirbhísí trí Ghaeilge de thoradh an chórais seo, is léir go bhfuil fadhbanna freisin lena fheidhmiú. Ar fheidhmiú an chórais seachas ar an gcóras féin is mó atá an locht.

Chomh fada siar le 2008, thug m’Oifig suntas i dtús aimsire i dtuarascáil bhliantúil do dheacrachtaí a bhí tagtha chun cinn i bhfeidhmiú chóras na scéimeanna. Is díol inní í an mhoill a bhíonn ar dhaingniú scéimeanna teanga. Creidim nach bhfuil an córas mar atá sé á fheidhmiú faoi láthair ag teacht lena raibh beartaithe faoi fhorálacha an Achta ná faoi na rialacháin reachtúla a rinneadh faoin Acht. Tá folús á chruthú agus ní le leas chur chun cinn seirbhísí stáit trí Ghaeilge an folús sin.

Is léir anois gur gá don Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus do chomhlachtaí poiblí na tíre díriú athuair ar chóras na scéimeanna teanga a chur á fheidhmiú mar is ceart ar bhonn straitéiseach agus comhsheasmhach.

Teastaíonn iarracht láidir, leanúnach riaracháin chun é seo a dhéanamh.

Tá córas na scéimeanna an-chasta agus is deacair don phobal i gcoitinne fios a bheith acu céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge atá dlite dóibh faoi na scéimeanna ná cén uair a bheidh na seirbhísí sin ar fáil. Ar an gcúis sin teastaíonn cur chuige níos straitéisí agus go mbeadh, ar a laghad, caighdeán chomónta i scéimeanna teanga éagsúla, go háirithe sna hearnálacha céanna. Theastódh cur chuige comhtháite a d’aithneodh na seirbhísí trí Ghaeilge is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu. Theastódh, le fírinne, aonad foirne sa Roinn le comhordú a dhéanamh ar riaradh chóras na scéimeanna teanga. Bhíodh foireann de 18 gafa leis an obair sin sa Bhreatain Bheag san aonad de chuid Bhord na Breataine a bhí ag plé le scéimeanna sa teanga sin! Anuas air sin, chaithfí a chinntiú go mbeadh eagraíochtaí stáit á gcumasú leis an tseirbhís sin a sholáthar ar an gcaighdeán is airde.

Gan na scéimeanna éagsúla sin, tá an baol ann go bhfágfadh daoine a gcearta agus a mianta teanga ar leataobh mar go bhfeictear dóibh gurb é an Béarla teanga oibre an Stáit. Baintear an mhíbhír as sin gur beag éileamh atá ar sheirbhísí stáit trí Ghaeilge.

Tá rogha eile ann nár mhiste a scrúdú: rogha a laghdódh an t-ualach riaracháin agus maorlathais a bhaineann le dréachtú, aontú agus daingniú scéimeanna teanga. Córas caighdeán a bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla an rogha eile sin – ceann a thabharfaí i bhfeidhm in imeacht tréimhse ama agus a leagfadh síos an leibhéal seirbhísí i nGaeilge a bheadh le soláthar ag comhlachtaí poiblí a bheadh rangaithe chuige sin de réir critéar ar leith. Tá an córas seo á bheartú don Bhreatain sa Bhreatain Bheag faoi láthair.

Bheadh sé de bhuntáiste ag an dara rogha sin go laghdófaí go mór an riachtanas foirne le plé leis an réimse seo a luaithe agus a bheadh na rialacháin déanta. B’fhusa i bhfad na cearta agus na dualgais teanga faoin gcóras seo a mhíniú don phobal i gcoitinne agus d’fhéadfadh comhsheasmhacht a bheith ann idir na hearnálacha éagsúla go léir.

Polasaí earcaíochta don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí

Ba cheart an deis seo a thapú agus athbhreithniú á dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla dul i ngleic leis an bhfadhb is bunúsaí dá bhfuil ann maidir le soláthar seirbhísí stáit trí Ghaeilge, i.e. easpa foirne sa chóras poiblí le cumas in dhá theanga oifigiúla an Stáit. Moltar seo ar an dtuiscint go mbeidh maolú ar an embargo earcaíochta in am trátha.

Léiríonn staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna, a thug le fios le deireanas nach raibh dóthain Gaeilge ach ag 1.5% dá foireann riaracháin chun seirbhís a chur ar fáil sa teanga sin, scála na géarchéime maidir le heaspa Gaeilge ag fostaithe an Stáit. Ní haon eisceacht í an Roinn sin agus tá easpa cumais sa Ghaeilge forleathan i bhformhór na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí stáit.

Níl aon duine ag moladh gur cheart filleadh ar chóras na Gaeilge éigeantaí, ach is gá teacht ar chomhréiteach éigin mura bhfuil an Béarla le bheith ina riachtanas don phobal ina ngnóthaí ar fad leis an Stát.

Déanann an Stát infheistíocht mhór i múineadh na Gaeilge agus cuireann sé de dhualgas ar dhaltaí scoile na tíre staidéar a dhéanamh ar na teangacha oifigiúla, ar aon dul leis an gcleachtas i dtíortha eile. Ach, os a choinne sin, teipeann ar an Stát úsáid na Gaeilge a éascú dóibh siúd atá tar éis í a shealbhú. Tá lúb ar lár suntasach sa chur chuige seo agus ba cheart foráil reachtúil a chur in Acht athbhreithnithe le dul i ngleic leis.

Dá mbeadh polasaí earcaíochta ann a thabharfadh aitheantas dáiríre d'inniúlacht in dhá theanga oifigiúla an Stáit, bheadh ciorrú ar an gcaiteachas ar sheirbhísí aistriúcháin agus eile in imeacht ama.

Sa bhreis air seo, is léir gur gá córas foirfe oiliúna agus traenála a bheith ann le forbairt a dhéanamh ar chumas teanga na foirne i gcomhlachtaí poiblí an Stáit. Ba cheart go ndéanfaí foráil do chóras den chineál sin agus go mbeadh teastais aitheanta le fáil a léireodh go cruinn cumas na mball foirne seirbhísí a sholáthar i dteangacha oifigiúla an Stáit. Ba cheart go mbeadh dualgas dá réir ar an bhfoireann a bhainfeadh tairbhe as an oiliúint agus an traenáil sin seirbhís i nGaeilge a thairiscint don phobal.

Mionleasuithe teicniúla eile

Tá roinnt bheag mionleasuithe teicniúla eile nár mhiste féachaint orthu nuair atá an seans seo ann.